

Solas an Léinn

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Ghaelcholáiste Reachrann. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na focail seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann sibh iad?



1. drochstaid _____
2. foirgneamh réamhdhéanta _____
3. scór bliain _____
4. i gcaitheamh an ama _____
5. bunaitheoir _____
6. an fhís _____
7. lofa agus loite _____
8. tumoideachas _____
9. francach _____
10. fadtéarmach _____
11. sealadach vs buan _____
12. obair chóirithe agus chothabhála _____

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideoidh sé sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí na focail leis an teagascóir.

Ceist 2

Bí ag caint leis an duine in aice leat. Glacraigí sealanna na focail thuas a chur in abairtí lena mbrí a léiriú. Ní gá na habairtí a scríobh síos, is leor iad a rá amach os ard.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cén fáth a bhfuil Gaelcholáiste Reachrann sa nuacht?
2. Cad a bhí le rá ag na daoine seo a leanas?

Marc Ó Broin
Micheál Mac Donncha
Aodhán Ó Ríordáin
Fionnuala Ní Chaisil

3. Conas atá an Roinn Oideachais agus Scileanna ag dul i ngleic leis an bhfadhb?

Ceist 4 Bí ag obair leis an duine in aice leat. An féidir libh cúis an tséimhithe a mhíniú sna samplaí thíos? Bhí siad le cloisteáil sa mhír.

imní mhór: _____
ó thús: _____
Gaelcholáiste: _____
dochreidte: _____
an-chuid: _____
ríthábhachtach: _____
dhá bhliain: _____
obair chóirithe: _____

Ceist 5 ‘... tá siad ag tabhairt uathu...’

Cad is brí leis an nath cainte sin thuas? Éist leis an abairt arís sa mhír má chuideoidh sé sin leat. Cuir na cinn thíos anois in abairtí lena mbrí a léiriú.

ag tabhairt amach
ag tabhairt aghaidh ar
ag tabhairt suas
ag tabhairt faoi

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén áit a bhfuil tú féin ag staidéar? Déan cur síos ar an áit.
2. Samhlaigh go raibh tú i seomra ranga a raibh francaigh ann. Conas a mhothófá?
3. Samhlaigh go raibh tú i seomra ranga a bhí loite, fuar agus fliuch. Conas a mhothófá?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. drochstaid	<i>bad condition</i>
2. foirgneamh réamhdhéanta	<i>prefabricated building</i>
3. scór bliain	<i>20 years</i>
4. i gcaitheamh an ama	<i>during / throughout the time</i>
5. bunaitheoir	<i>founder</i>
6. an fhís	<i>the vision</i>
7. lofa agus loite	<i>rotten and spoiled</i>
8. tumoideachas	<i>immersion education</i>
9. francach	<i>rat</i>
10. fadtéarmach	<i>long-term</i>
11. sealadach vs buan	<i>temporary vs permanent</i>
12. obair chóirithe agus chothabhála	<i>repair and maintenance work</i>

Ceist 2

Tabhair deis do gach beirt na focail a chleachtadh le chéile.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

imní mhór:	Cuirtear séimhiú ar aidiacht a leanann ainmfhocal baininsneach.
ó thús:	Cuirtear séimhiú ar ainmfhocal tar éis an réamhfocail shimplí ó .
Gaelcholáiste:	Nuair a thagann dhá fhocal le chéile chun comhfhocal a chruthú cuirtear séimhiú ar an dara focal.
dochreidte:	Leanann séimhiú an réimír do- .
an-chuid:	Leanann séimhiú an réimír an- .
ríthábhachtach:	Leanann séimhiú an réimír rí- .
dhá bhliain:	Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis dhá .
obair chóirithe:	Tá séimhiú ar an ainmfhocal cóiriú , atá sa ghinideach, tar éis an ainmfhocail obair atá baininsneach.

Ceist 5

tá siad ag tabhairt uathu – *they are failing*

ag tabhairt amach – *giving out / complaining*

ag tabhairt aghaidh ar – *facing / dealing with*

ag tabhairt suas – *giving up*

ag tabhairt faoi – *undertaking*

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Fáilte romhaibh ar ais. Anois, tá imní mhór ó thús na scoilbhliana faoin drochstaid ina bhfuil meánscoil lán-Ghaolainne i gceantar Dhomhnach Míde, i dtuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath. Is i bhfoirgnimh réamhdhéanta atá formhór na ndaltaí i nGaelcholáiste Reachrann le scór bliain anois, cé gur minic a gealladh scoil nua dóibh i gcaitheamh an ama sin.

Séamus Ó Scanláin

Meánscoil lán-Ghaeilge nua-aimseartha, dílis don traidisiún Gaelach - an fhís a chuir bunaitheoirí Ghaelcholáiste Reachrann rompu, ag tosú amach le 36 dalta i Meán Fómhair 2001. Is mór é fás na scoile seo ó shin, atá faoi phátrúnacht Bhord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Tá beagnach 500 dalta sa scoil anois, ach a bhformhór i bhfoirgnimh réamhdhéanta, atá ag tabhairt uathu go tréan le tamall.

Marc Ó Broin, Tuismitheoir

Tá sé lofa agus loite agus dá bharr siúd ní féidir leo an tumoideachas, an sprioc sin a aimsiú mar cuireann an foirgneamh isteach go mór ar na daltaí agus ar na hoidí freisin.

An Comhairleoir Micheál Mac Donncha

Tá na foirgnimh seo fliuch. Tá siad fuar. Tá fadhb le francaigh. Tá sé dochreidte. So, ba chóir go mbeadh dul chun cinn práinneach air seo.

Séamus Ó Scanláin

Idir gach uile chasadh atá feicthe ag an scoil le scór bliain, tá sí fós ag fanacht le foirgneamh nua – a gealladh go minic ach nár tógadh go fóill. Is é an t-aon réiteach fadtéarmach é, a deirtear.

Aodhán Ó Ríordáin, TD, Páirtí an Lucht Oibre

Tá an-chuid bunscoileanna thart, timpeall na scoile – bunscoileanna Gaeilge agus tá sé ceart go mbeadh scoil dara leibhéal as Gaeilge do na páistí sin agus gur chóir go mbeadh foirgneamh buan ann dóibh agus tá sé ríthábhachtach don rialtas rud éigin a dhéanamh faoi anois.

Fionnuala Ní Chaisil, Bunaitheoir na scoile

An rud a chuireann an-díomá orm, tá sé fíordheacair scoil a rith ag dul isteach agus amach ó thigíní sealadacha go bhfuil tais..., atá ag sileadh den díon¹, nach bhfuil áiseanna cosúil le halla spóirt ceart agat. Déanann na rudaí seo ar fad difear agus táimid á ngealladh² an t-am ar fad do na tuistí.

Séamus Ó Scanláin

Deir an Roinn Oideachais go bhfuil sí ag cur dlús leis na hiarrachtaí réitigh, go bhfuil súil aici³ foirgneamh nua a bheith tógtha laistigh de dhá bhliain go leith ar shuíomh an Ghaelcholáiste. Idir an dá linn, a deir sé, beidh obair chóirithe agus chothabhála ar na foirgnimh réamhdhéanta ag tosú gan mhoill.

Séamus Ó Scanláin, Nuacht TG4.

¹ ag sileadh díon a dúradh

² ag geallúint iad a dúradh

³ sé agus aige a dúradh